Cuireann ár spriocanna maidir le EDI uaillmhianta Straitéis Ollscoil na Gaillimhe 2025–2030 chun cinn go díreach trí áit lárnach a thabhairt don chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú i gclaochlú na hinstitiúide agus sa sármhaitheas chuimsitheach. Agus béim ar shármhaitheas cheannaireachta agus ar chuimsiú comhfhiosach a leabú i straitéis, i bpolasaí agus i gcleachtas, neartaíonn an Ollscoil a cumas chun a gealltanais maidir le sármhaitheas acadúil, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht a chomhlíonadh. Tá saothrú ionadaíochta agus rannpháirtíochta fiúntaí i gcinnteoireacht agus i rialachas ag teacht le croíluachanna na hOllscoile agus an mian atá againn a bheith ina institiúid rannpháirteach a léiríonn agus a fhreagraíonn d'éagsúlacht na bpobal a bhfreastalaímid orthu. Trí chultúr campais a chothú atá cothrom, áit a mbraitheann gach duine sábháilte, go bhfuil luach orthu, go bhfuil cumhacht acu agus go bhfuil an cumas acu a bheith rathúil, cuirtear bunús faoi fholláine na foirne agus na mac léinn, tugann daoine faoina róil ar bhealach níos fearr agus tacaítear le braistint mhuintearais atá riachtanach go n-éireoidh le daoine. Trí chomhionannas agus cearta an duine a chomhtháthú sa taighde, san oideachas agus in eispéireas na mac léinn, neartaítear misean sainiúil Ollscoil na Gaillimhe maidir le heolas a ghiniúint, céimithe a fhorbairt agus tionchar a imirt ar bhealaí atá freagrach ar bhonn sóisialta, cuimsitheach agus claochlaitheach ar leibhéil áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta.



2. Pobal seo againne

Tá Ollscoil na Gaillimhe suite i gcroílár na cathrach is éagsúla in Éirinn i réigiún dátheangach uathúil. Léirítear i bpobal na hollscoile an éagsúlacht mhór inár sochaí agus inár bpróifíl mar ollscoil a bhfuil naisc idirnáisiúnta againn agus atá dírithe go mór ar thaighde.

21%
de mhic léinn idirnáisiúnta as
125
tír

14
Ghradam Scoile Athena Swan

135,000+
alumnus ar fud an domhain

Os cionn
20,000
mac léinn agus
2,700
comhalta foirne

Figiúr 1: Próifíl Ollscoil na Gaillimhe

3. Cláir Oibre an EDI

Tá dul chun cinn leanúnach agus intomhaiste déanta ag Ollscoil na Gaillimhe maidir le Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú a chur chun cinn, agus forbairt déanta ó struchtúir rialachais bhunúsacha go creat straitéiseach aibí, uile-institiúideach, atá freagrach d'éagsúlacht foirne agus mac léinn.

Tá an dara Straitéis EDI institiúideach bunaithe ar éabhlóid fhorásach ar ár n-uaillmhian agus ár n-aisling straitéiseach. Tá an clár oibre EDI leathnaithe go mór, níltear ag díriú go príomha a thuilleadh ar chomhionannas inscne ach táthar ag druidim i dtreo infreastruchtúr straitéiseach agus oibríochtúil níos casta agus níos cuimsithí i gcomhréir le reachtaíocht, polasaí agus dea-chleachtas. Tá tacaíocht ar fáil anois do chláir oibre an EDI ó cheannaireacht thiomnaithe, acmhainní, agus meicníochtaí cuntasachta inmheánacha agus seachtracha.

Tá na cláir EDI bunaithe ar bhreithnithe trasnacha agus ar bhonn fianaise daingean a ndéantar a mheas go rialta le cabhair uirlisí cáilíochtúla agus cainníochtúla. Tá an cur chuige atá againn tagtha chun cinn de bharr tiomantas leanúnach, foghlaim agus comhpháirtíocht ar fud phobal na hOllscoile. De bharr na n-iarrachtaí seo tá an cultúr cuimsitheach neartaithe, tugtar faoi chinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise, agus tá EDI curtha i bhfeidhm mar phríomhthiománaí barr feabhais san institiúid, rud a chuireann bunchloch láidir ar fáil don chéad chéim eile den fhorbairt straitéiseach. Agus an Ollscoil ag féachaint chun cinn, tugann an dul chun cinn seo spreagadh dúinn mar aon le freagracht a leagan orainn, ag athdhearbhú go bhfuil EDI lárnach dár luachanna, dár misean acadúil, agus don fhís atá againn do thodhchaí chothrom agus chuimsitheach.



Figiúr 2: Cláir Oibre an EDI

4. Misean, Fís agus Luachanna

4.1 Misean

I gcás an EDI in Ollscoil na Gaillimhe glactar cur chuige réamhghníomhach agus coisctheach chun dul i ngleic leis an neamhionannas, ar cur chuige é atá bunaithe ar fhianaise, ar shonraí, agus atá ag freagairt d'eispéiris ár bpobal. Trí rannpháirtíocht agus comhoibriú, oibrímid go dian chun pobal dinimiciúil oideachais a chothú ina mbraitheann gach ball go bhfuil luach orthu, go bhfuil cumhacht acu agus go bhfuil an cumas acu a bheith rathúil.

Tuigimid go mbíonn sé dúshlánach dul chun cinn a dhéanamh. Glacaimid le tuairimí éagsúla le soiléireacht, le misneach agus le comhbhá, ag stiúradh an bhealaigh trí chastachtaí an tsaoil chun ollscoil a fhorbairt atá níos cothroime ó thaobh na sochaí de agus atá níos cuimsithí do chách.

4.2 Fís

Seasaimid san Ollscoil go daingean lenár gcomhfhreagracht chun comhionannas agus cearta an duine a chur chun cinn, cur chuige dírithe ar an duine a leabú i ngach gné de shaol na hollscoile.



4.3 Luachanna

Ag Tógáil ar Luachanna na hOllscoile trí Ghníomh EDI

Tá sraith croíluachanna sainithe ag pobal na hollscoile a thacaíonn le misean na hinstitiúide agus a threoraíonn sinn maidir le conas a ghníomhaímid mar eagraíocht; **Meas**, **Oscailteacht**, **Inbhuanaitheacht agus Sármhaitheas**, agus **Muintearas**. Leagtar amach i straitéis EDI 2026-2030 na spriocanna agus na gníomhartha institiúideacha nithiúla a léiríonn na luachanna seo go praiticiúil le torthaí intomhaiste.

Sármhaitheas

Léirítear é seo trí shármhaitheas chuimsitheach i gcuntasacht cheannaireachta, cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus comhtháthú peirspictíochtaí éagsúla sa taighde agus sa churaclam chun an cháilíocht acadúil a shaibhriú.

Meas

Cuirtear é seo i bhfeidhm tríd an Mol Dínite agus Ómóis, trí pholasaithe atá dírithe ar an duine a chuireann cosc ar idirdhealú agus ar chiapadh, trí oiliúint atá bunaithe ar thionchar an tráma, agus trí spásanna sábháilte cuimsitheacha a chruthú.

Oscailteacht

Cuirtear é seo i bhfeidhm trí chomhdhearadh barántúil le páirtithe leasmhara éagsúla, trí thuairisciú bliantúil trédhearcach ar dhul chun cinn agus ar dhúshláin EDI, trí rannpháirtíocht fhiúntach ó líonraí foirne agus mac léinn sa chinnteoireacht, agus trí oscailteacht do chórais eolais agus d'eipistéimeolaíochtaí éagsúla.

Inbhuanaitheacht

Tá an ghné seo leabaithe trí athrú córasach agus cultúrtha a thugann aghaidh ar neamhionannais struchtúracha, ag forbairt acmhainn institiúideach bhuan don EDI, agus ag nascadh inbhuanaitheacht shóisialta le gealltanais agus le misean sibhialta na hOllscoile maidir le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDG).

Muintearas

Baintear amach é seo trí bhacainní ar rannpháirtíocht a bhaint, trí thimpeallachtaí fáilteacha a chruthú ina nglactar le féiniúlachtaí éagsúla agus ina ndéantar iad a cheiliúradh, trí inrochtaineacht chomhfhiosach a chinntiú, agus trí chultúr a chothú ina mbraitheann gach duine sábháilte, go bhfuil luach orthu, go bhfuil cumhacht acu agus go bhfuil an cumas acu a bheith rathúil.

5. Na Príomhnithe a chuireann EDI chun cinn

Tá an Straitéis EDI bunaithe go mór ar chreataí reachtaíochta agus polasaí náisiúnta a leagann síos ionchais shoiléire don earnáil ardoideachais maidir le comhionannas, cearta an duine agus cuimsiú a chur chun cinn.

Lárnach dó seo tá Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Chearta an Duine (2014), mar aon leis na hAchtanna um Stádas Comhionann (2000-2018) agus na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta (1998-2015), a cheanglaíonn ar chomhlachtaí poiblí comhionannas a chur chun cinn go réamhghníomhach, idirdhealú a chosc, agus cearta an duine a chosaint i ngach gné dá gcuid oibre. Cuirtear i bhfeidhm in Ollscoil na Gaillimhe Dualgas na hEarnála Poiblí trí chomhionannas agus cearta an duine **a mheas**, **aghaidh a thabhairt orthu** agus **iad a thuairisciú** ar bhonn córasach trínár gcreataí agus pleananna gnímh.



Figiúr 3: Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Chearta an Duine



Déantar breithnithe comhionannais agus chearta an duine a chomhtháthú i bpleanáil straitéiseach, i bhforbairt polasaithe agus i gcinnteoireacht, agus sonraí agus rannpháirtíocht le pobal na hOllscoile mar bhonn eolais dóibh. Tugtar aghaidh ar shaincheisteanna a sainaithníodh trí ghníomhartha spriocdhírithe, agus déantar monatóireacht agus tuairisciú ar dhul chun cinn trí mheicníochtaí rialachais agus tuairiscithe poiblí seanbhunaithe chun tacú le trédhearcacht agus feabhsú leanúnach.

Tá ár Straitéis múnlaithe tuilleadh ag polasaithe agus creatlacha an Údaráis um Ard-Oideachas maidir le comhionannas inscne, comhionannas ciníocha, comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú, agus cosc a chur ar fhoréigean gnéis agus ar chiapadh gnéis, a leagann béim ar chuntasacht, ar athrú cultúir, agus ar ghníomh atá bunaithe ar fhianaise. Agus muid ag freagairt do na nithe seo, geallaimid in Ollscoil na Gaillimhe oibleagáidí reachtúla agus tosaíochtaí earnála a leabú inár rialachas, polasaí, oideachas, taighde agus i gcultúr an champais, ar mhaithe le cinntiú go dtugtar faoi ghníomh fiúntach, feabhas leanúnach agus dul chun cinn an chomhionannais mar chuid den chomhlíonadh.

6. Spriocanna Straitéiseacha, Aidhmeanna agus Gníomhartha Feidhmithe

Figiúr 4: Spriocanna Straitéiseacha



6.1 Sprioc 1: Claochlú Institiúideach a Thiomáint trí Cheannaireacht Chuntasach agus Sármhaitheas Chuimsitheach

Tá sé mar aidhm ag an sprioc seo athrú cultúrtha inbhuanaithe a chruthú trína chinntiú go gcuireann ceannairí prionsabail EDI chun cinn go gníomhach agus go neadaíonn siad cuntasacht ar fud na hinstitiúide – ag bogadh chun cinn ó chomhlíonadh go dtí sármhaitheas.

A bhfuil i gceist leis sin: Is mian linn a bheith inár gceannaire iontaofa sa réimse EDI áit a bhfuil ár ngealltanais poiblí, intomhaiste agus á gcomhlíonadh go seasta. Beidh na ceannairí eolach, cuntasach, trédhearcach agus léireoidh siad a dtiomantas trí ghníomhartha, de réir mar a dhéantar EDI a chomhtháthú i ngach córas, próiseas agus cleachtas oibre.

Gníomhartha Feidhmithe:

1.1. Cuntasacht Cheannaireachta trí Bhainistíocht Feidhmíochta

- Príomhtháscairí Feidhmíochta sonracha EDI a fhorbairt do cheannairí agus do bhainisteoirí ag gach leibhéal i ndáil le cur i bhfeidhm na gCreataí agus na bPleananna Gnímh EDI [Pleananna Gnímh Athena Swan/Comhionannais Inscne, Comhionannas Ciníocha, Deireadh a Chur le Foréigean Gnéis agus Ciapadh Gnéis agus Pleananna Gnímh Dearaidh Uilíoch agus clár Scoláireachta na hOllscoile Tearmainn].
- Cuspóirí EDI agus meicníochtaí cuntasachta láidre a leabú i gcreataí agus i bpróisis foirne reatha, mar shampla Feidhmíocht Fhorásach agus pleanáil ualaigh oibre.

1.2. Tuairisciú Trédhearcach ar Pholasaithe agus ar Ghearáin

- Sonraí rialta a fhoilsiú maidir le hidirdhealú, bulaíocht, foréigean gnéis agus ciapadh gnéis agus gearáin faoi chiapadh.
- Próisis agus torthaí réitigh gearán a thuairisciú.
- Feidhmiú polasaithe a léiriú ar bhonn rialta ar fud na hinstitiúide.
- Muinín a chothú trí chumarsáid shoiléir agus mhacánta faoi dhúshláin agus dul chun cinn.

1.3. Monatóireacht Chuimsitheach ar Mhéadracht EDI

- Táscairí éagsúlachta an lucht saothair a rianú agus a thuairisciú: earcaíocht, líon foirne, arduithe céime, agus déimeagrafaic foirne.
- Feidhmíocht a thagarmharcáil i gcoinne caighdeáin dea-chleachtais earnála agus spriocanna institiúideacha.
- Bacainní córasacha a aithint agus dul chun cinn a thomhas le himeacht ama.
- Sonraí a úsáid chun cinnteoireacht atá bunaithe ar fhianaise agus feabhas leanúnach a spreagadh.

1.4. Acmhainn Straitéiseach a Fhorbairt

- Cumas institiúideach a fheabhsú chun tacú leis an Straitéis EDI 2030 trí infheistíocht a dhéanamh in acmhainní, in oiliúint agus in infreastruchtúr.
- Rannpháirtíocht ar fud na hinstitiúide a chumasú trí chumarsáid shoiléir, chomhsheasmhach.

1.5. Aitheantas a thabhairt dóibh siúd a bhfuil obair éachtach déanta acu ar mhaithe le EDI

- Aitheantas agus luach saothair cuí a thabhairt dóibh siúd a bhfuil obair éachtach déanta acu ar mhaithe le EDI maidir le harduithe céime agus dul chun cinn gairme.
- Gradam an Uachtaráin do EDI a chur ar bun.

6.2 Sprioc 2: Cuimsiú Comhfhiosach a Leabú i Straitéis, i bPolasaí, i bPleananna agus i gCleachtas

Tá sé mar aidhm ag an sprioc seo éagsúlacht agus cuimsiú a leabú inár gcórais, inár bpróisis agus inár gcuid oibre go léir. Fágfaidh sé seo go n-aistreofar ó ghníomhú mar fhreagairt ar rudaí go dtí comhtháthú réamhghníomhach áit a mbeidh an cleachtas cuimsitheach mar bhunús le gach a ndéanaimid.

A bhfuil i gceist leis sin: Aithnímid go bhfuil eisiaimh agus míbhuntáistí leabaithe inár struchtúir, inár gcórais agus inár gcleachtais le himeacht aimsire. In áit a bheith ag smaoineamh ar chuimsiú deireanach sa phróiseas, déanfaimid athdhearadh **córasach** ar ár bpolasaithe, ár bpróisis agus ár dtimpeallachtaí le go mbeidh siad cuimsitheach ón tús.

Gníomhartha Feidhmithe:

2.1. Measúnachtaí Tionchair Comhionannais Córasacha

- Measúnachtaí Tionchair Comhionannais (ElAnna) a chomhtháthú ar bhonn córasach i bhforbairt polasaí, i dtimthriallta athbhreithnithe, i bpróisis faofa agus mheasúnachta.
- Cuntasacht shoiléir a chruthú as ElAnna a dhéanamh agus as gníomhú ar na torthaí a bhaineann leo.

2.2. Samhail Chomhdheartha le haghaidh Rannpháirtíocht Iontaofa

- Cuir chuige rannpháirteacha a bhunú a chuireann taithí bheo i lár an aonaigh i bhforbairt agus i bpleanáil polasaithe.
- Freagracht chomhroinnte a chothú chun éagsúlacht a mhéadú agus cuimsiú a neartú trí mhachnamh criticiúil a dhéanamh ar ár gcórais, ár struchtúir, ár ndearcthaí agus ár n-iompraíochtaí.

2.3. Creat Trasnaithe Tomhais agus Meastóireachta

- Méadracht agus uirlisí meastóireachta a shainiú chun cuntas a choinneáil ar aschuir, ar thionchair agus ar thorthaí thar go leor gnéithe éagsúla.
- Creataí láidre atá bunaithe ar shonraí a fhorbairt chun dul chun cinn agus tionchar a rianú i gcoinne bearta torthaí sainithe.
- Trasnachas a chur san áireamh i mbailiú agus in anailís sonraí chun eispéiris chasta a thuiscint.
- Monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí neamhbheartaithe agus ar thionchair dhifriúla i measc grúpaí éagsúla.
- Fianaise a úsáid chun feabhas leanúnach agus oiriúnú straitéisí a threorú.

2.4. Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht

- Tógáil ar an dul chun cinn atá déanta maidir le campas agus pobal atá inrochtana go huilíoch a sholáthar tríd an bPlean Gnímh don Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht (2026-2030) agus an Grúpa Stiúrtha a athfhorbairt i gcomhréir leis an gCairt ALTITUDE don Dearadh Uilíoch san Oideachas Treasach.
- Prionsabail an dearaidh uilíoch a leabú sna 4 phríomhcholún den Dearadh Uilíoch san Oideachas, mar a shainmhínítear iad sa Chairt ALTITUDE mar: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú; Tacaíochtaí, Seirbhísí agus Rannpháirtíocht Shóisialta; Timpeallacht Fhisiciúil; Timpeallacht Dhigiteach.

2.5. Cumas Cuimsitheach na Foirne a Fhorbairt

- An Fhoireann ag gach leibhéal a chumasú chun straitéis, polasaí agus pleananna a chur i bhfeidhm ag díriú ar an gcothromas.
- Sainoiliúint a fhorbairt dóibh siúd a bhfuil freagrachtaí orthu as forbairt polasaí, soláthar nó dearadh seirbhísí.
- Pobail chleachtais a chruthú chun foghlaim a roinnt agus cuir chuige chuimsitheacha a leabú san obair laethúil.

6.3 Sprioc 3: Cumhachtú a Chumasú agus tacú le Rannpháirtíocht i gCinnteoireacht agus i Rialachas

Tá sé mar aidhm ag an sprioc seo a chinntiú go ndéantar ionadaíocht bharántúil ar ár bpobail éagsúla i gcinntí a mhúnlaíonn treo institiúideach, agus dá réir sin cultúr rannpháirtíochta gníomhaí, fiúntaí agus cumhachtaithe a fhorbairt.

A bhfuil i gceist leis sin: Tacóimid le forbairt acmhainne agus le hathruithe struchtúracha laistigh dár gcoistí agus dár bpróisis chinnteoireachta chun go mbeidh ionadaíocht agus dearcthaí éagsúla san áireamh iontu, ag cinntiú go mbeidh glór ag na daoine a mbíonn tionchar ag cinntí orthu i múnlú na gcinntí sin. Éilíonn sé seo aird thoiliúil maidir le cé a shuíonn ag na boird chinnteoireachta, conas a éascaítear plé, agus an mbíonn tionchar fíor ag eispéiris éagsúla saoil ar thorthaí.

Gníomhartha Feidhmithe:

3.1. Claochlú Cultúir i struchtúir coistí agus chinnteoireachta

- Prionsabail rannpháirtíochta a mbaineann meas agus fiúntas leo a bhunú mar bhunús do gach comhlacht rialachais.
- Tacú le struchtúir coistí agus chinnteoireachta chun dearcthaí éagsúla a áireamh go gníomhach, ag imeacht ón ionadaíocht nach bhfuil i gceist léi ach a bheith i láthair agus ina háit sin ionadaíocht inar féidir tionchar a imirt ar thorthaí cinntí a bheith i gceist.

3.2. Oiliúint Éigeantach maidir le hÉifeachtacht Coistí

- Sainoiliúint a chur ar fáil do chathaoirligh coistí ar éascú agus ar cheannaireacht chuimsitheach, ag cur ar chumas gach ball coiste páirt a ghlacadh ar bhealach measúil agus cuiditheach.
- Scileanna a fhorbairt chun dinimic chumhachta, claontacht neamh-chomhfhiosach agus smaointeoireacht ghrúpa a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.
- Cumas a fhorbairt chun spásanna sábháilte a chruthú go síceolaíoch inar féidir le gach guth éisteacht a fháil.

3.3. Meastóireacht Rialta ar Éifeachtacht Coistí

- An t-infreastruchtúr sonraí a fhorbairt chun iniúchadh agus tuairisciú a dhéanamh ar éagsúlacht chomhdhéanamh na gcoistí bunaithe ar thréithe éagsúla.
- Bearnaí ionadaíochta agus dul chun cinn a rianú le himeacht ama.
- Measúnú rialta a thosú ar fheidhmiú an lárchoiste ag díriú ar an gcothromas.
- Torthaí na meastóireachta a úsáid chun cleachtais agus comhdhéanamh na gcoistí a fheabhsú.

3.4. Forbairt Cumais agus Acmhainní a chur ar fail do Líonraí Foirne

- Oiliúint a chur ar fáil do líonraí foirne maidir le rannpháirtíocht éifeachtach i struchtúir rialachais.
- Conairí foirmiúla a chruthú le haghaidh ionchur líonraithe i gcinnteoireacht, i bhforbairt polasaí agus i bpleanáil straitéiseach.
- An saineolas agus an t-ualach oibre a bhaineann le hionadaíocht líonra a aithint agus luach a chur orthu.

3.5. Rannpháirtíocht na Mac Léinn san Infreastruchtúr EDI

- Monatóireacht ghníomhach a dhéanamh ar rannpháirtíocht na mac léinn i gcomhlachtaí rialachais agus cinnteoireachta EDI.
- Bacainní atá roimh rannpháirtíocht fhiúntach na mac léinn a bhaint trí sceidealú solúbtha, oiliúint, meantóireacht, dreasachtaí agus aitheantas.
- An tsamhail Seaimpín/Ambasadóir Mac Léinn a leathnú chun cumhachtú na mac léinn a fheabhsú, tacú le piarfhoghlaim agus le EDI a chomhchruthú go praiticiúil.
- A chinntiú go mbíonn tionchar ag dearcthaí na mac léinn ar mheasúnú agus ar fhorbairt iarrachtaí EDI.

3.6. Comhtháthú Comhpháirtithe Pobail

- Comhpháirtithe pobail seachtracha a bheith rannpháirteach go gníomhach laistigh d'infreastruchtúr rialachais EDI.
- Comhpháirtíochtaí a chothú le heagraíochtaí pobail seachtracha ábhartha chun foghlaim agus comhoibriú a chumasú sa phobal i gcoitinne.

6.4 Sprioc 4: Cultúr Campais atá Cothrom agus Saor ó Idirdhealú a chothú ina mbraitheann gach ball de phobal na hollscoile Sábháilte, go bhfuil Luach orthu, go bhfuil Cumhacht acu, agus go bhfuil an Cumas acu a bheith Rathúil

Tá sé mar aidhm ag an sprioc seo timpeallacht a chothú ina bhfuil fáilte roimh chách, ina n-airíonn gach duine sábháilte agus ina mbraitheann siad muintearas, rud a leabaíonn meas agus dínit mar bhonn dár gcultúr institiúideach.

A bhfuil i gceist leis sin: Cruthóimid cultúr campais atá bunaithe ar mheas, ar shábháilteacht agus ar mhuintearas áit a gcuirfear cosc ar iompraíochtaí díobhálacha, a ndéileálfar go héifeachtach le hiompar míchuí, agus inar féidir le gach ball de phobal na hollscoile páirt a ghlacadh go hiomlán beag beann ar chúlra, ar chéannacht nó ar chumas.

Gníomhartha Feidhmithe:

4.1. Creat Polasaí agus Infreastruchtúr Tacaíochta atá Dírithe ar an Duine

- Athbhreithniú agus leasú a dhéanamh ar pholasaithe comhionannais, frith-idirdhealaithe, frithbhulaíochta agus ciaptha agus béim ar chosc, ar chuntasacht agus ar fhreagrúlacht i leith taithí saoil.
- Mol Dínite agus Ómóis a bhunú mar acmhainn lárnach le haghaidh tacaíochta, treorach agus bainistíocht gearán.
- A chinntiú go gcuirtear polasaithe agus nósanna imeachta i bhfeidhm go rialta agus go trédhearcach ar fud na hinstitiúide.
- Sainoiliúint a fhorbairt dóibh siúd a láimhseálann nochtaí, tuairiscí, gearáin agus a bhíonn ag tacú le daoine a bhfuil tionchar ag na nithe seo orthu.

4.2. Cultúr Dearfach

- Feachtais feasachta leanúnacha a reáchtáil a neartaíonn luachanna institiúideacha agus iompraíochtaí a bhfuiltear ag súil leo.
- An Chairt Ómóis a chur i bhfeidhm mar ghnáthchleachtas trí thionscnaimh rathúla a leathnú ar fud na hinstitiúide tríd an Mol Dínite agus Ómóis.
- An pobal a chur i mbun idirphlé leanúnach faoi mheas, cuimsiú, frithchiníochas agus freagracht chomhroinnte.
- Tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi a gcuireann gníomhartha aonair le cultúr comhchoiteann.

4.3. Oiliúint atá Bunaithe ar Fhianaise, atá Feasach ar Thráma

- Oiliúint chuimsitheach a chur ar fáil ar fud na hollscoile maidir le cinníochas, idirdhealú, bulaíocht, ciapadh, foréigean gnéis agus ciapadh gnéis a chosc agus aghaidh a thabhairt orthu.
- Gach comhalta foirne agus mac léinn a chumasú le hinniúlachtaí praiticiúla chun iompar míchuí a aithint agus chun freagairt mar is cuí dá leithéid.
- A chinntiú go bhfuil an oiliúint bunaithe ar dhea-chleachtas, ar fhianaise taighde agus ar pheirspictíochtaí marthanóirí.
- Pobal d'fhianaisigh ghníomhacha a fhorbairt chun dúshlán dearfach a thabhairt d'iompraíochtaí míchuí agus chun tacú le cosc.

4.4. Dearadh Uilíoch don Inrochtaineacht

- Na bacainní ar rannpháirtíocht a bhíonn roimh dhaoine faoi mhíchumas a bhaint.
- Inrochtaineacht a leabú in infreastruchtúr fisiceach, in ardáin dhigiteacha, i seirbhísí agus i ndearadh oideachais ón tús.
- Tacú le cur i bhfeidhm na Cairte ALTITUDE chun timpeallachtaí a dhéanamh inrochtana agus cuimsitheach ón tús agus an spleáchas ar shocruithe réasúnta aonair a laghdú.

4.5. Cuimsiú Cultúrtha Feabhsaithe

- Infheictheacht na bpobal éagsúil a mhéadú trí ionadaíocht a dhéanamh i spásanna fisiciúla, i gcumarsáid agus in imeachtaí institiúide.
- Ionadaíocht na gcomhaltaí foirne ó chúlraí mionlaigh eitneacha a mhéadú i measc na foirne seirbhísí tacaíochta chun éagsúlacht phobal na hollscoile a léiriú.
- Inniúlacht idirchultúrtha a fhorbairt ar fud na hinstitiúide chun cumarsáid agus tuiscint thraschultúrtha a neartú.
- Spásanna agus deiseanna a chruthú ina ndearbhaítear agus ina ndéantar ceiliúradh ar éagsúlacht chultúrtha.



6.5 Sprioc 5: Comhionannas agus Cearta an Duine a Chomhtháthú i Soláthar an Taighde Shainiúil, an Oideachais Eisceachtúil, agus Eispéiris Chlaochlaitheacha na Mac Léinn

Aithníonn an sprioc seo gur cuid dhílis de chur chuige na hOllscoile i leith oideachas eisceachtúil, taighde agus eispéiris chlaochlaitheacha na mac léinn iad an éagsúlacht agus an cuimsiú, rud a chinntíonn go bhfuil prionsabail an chothromais, an cheartais agus na cuimsitheachta fite fuaite inár bpríomh-mhisean acadúil seachas a bheith ag feidhmiú go neamhspleách air.

A bhfuil i gceist leis sin: Díríonn an sprioc seo ar oideachas, ar thaighde agus ar eispéireas, ag aithint éagsúlacht phobal na hollscoile agus an gá atá le cuir chuige chuimsitheacha i réimsí an teagaisc, na foghlama, na héagsúlachta sa mheasúnú, sa taighde agus i dtimpeallacht na hOllscoile.

Gníomhartha Feidhmithe:

5.1. An Curaclam a Dhíchoilíniú

- Comhionannas, cearta an duine, inbhuanaitheacht agus ceartas sóisialta agus eipistéimeach a chomhtháthú mar théamaí lárnacha sna curaclaim éagsúla.
- Córais eolais, peirspictíochtaí agus eipistéimeolaíochtaí éagsúla a ionchorprú sa churaclam.
- Cuir chuige oideolaíocha a éagsúlú chun traidisiúin foghlama éagsúla a léiriú.
- Cuir chuige chothromasacha maidir le measúnú a fhiosrú chun cineálacha éagsúla taispeántais eolais a aithint agus a thuiscint.

5.2. Timpeallachtaí Foghlama Cuimsitheacha agus Tacaíocht

- Seirbhísí tacaíochta inrochtana do mhic léinn a chur ar fáil a fhreagraíonn do riachtanais agus do chomhthéacsanna éagsúla.
- Cleachtais teagaisc chuimsitheacha a leabú sa seomra ranga agus ar líne, lena n-áirítear uirlisí cuí a úsáid chun monatóireacht a dhéanamh ar inrochtaineacht dhigiteach ar ábhair foghlama.
- Tacú le rochtain agus rannpháirtíocht san ardoideachas do dhaoine ó ghrúpaí socheacnamaíocha faoi ghannionadaíocht agus ó ghrúpaí stádais mionlaigh trí chosáin rannpháirtíochta a leathnú.
- Samhail inbhuanaithe a bhunú chun Clár na hOllscoile Tearmainn a phríomhshruthú agus a chinntiú go bhfuil tacaíochtaí leordhóthanacha i bhfeidhm do na scoláirí Tearmainn, lena n-áirítear tacaíochtaí airgeadais, rochtain ar mheantóireacht acadúil agus tacaíocht phraiticiúil ó Oifigeach na hOllscoile Tearmainn.

5.3. Timpeallachtaí Taighde Cuimsitheacha

- Feabhas a chur ar choinníollacha oibre, ar chomhionannas agus ar chuimsiú do thaighdeoirí trí Chairt agus Cód Sárchaighdeáin Acmhainní Daonna sa Taighde a chur i bhfeidhm go leanúnach.
- Dea-chleachtas idirnáisiúnta a chur chun cinn trí mheasúnú taighde a athchóiriú i gcomhréir le CoARA agus prionsabail taighde oscailte.
- Cumas taighdeoirí agus oideoirí a fhorbairt chun 'cuimsiú comhfhiosach' a chur i bhfeidhm ó dhearadh an taighde go dtí go scaipfear é.

5.4. Úsáid Eiticiúil agus Fhreagrach na hIntleachta Saorga

- Tacú le bunú creatlach institiúideach agus treoirlínte le haghaidh úsáid eiticiúil agus fhreagrach na hintleachta saorga i dtaighde, i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú.
- Feasacht chriticiúil a fhorbairt ar an gcaoi a bhféadfadh an intleacht shaorga claontacht agus neamhionannais atá ann cheana a bhuanú nó a cheistiú.

7. Bearta Rathúlachta

Sprioc 1.

Léirítear cuntasacht cheannaireachta as EDI trí phríomhtháscairí feidhmíochta comhtháite i gcórais bainistíochta feidhmíochta agus tuairisciú bliantúil trédhearcach ar shonraí maidir le héagsúlacht an lucht saothair agus gearáin. Áirítear leis an dul chun cinn feabhsuithe bliain i ndiaidh bliana ar ionadaíocht na héagsúlachta i gcomparáid le caighdeáin san earnáil, acmhainn institiúideach fheabhsaithe trí acmhainní agus infreastruchtúr leathnaithe, agus aitheantas foirmiúil ar obair éachtach EDI trí ghradaim agus critéir ardaithe céime.

Sprioc 2.

Is léir ó Mheasúnachtaí Tionchair Comhionannais atá curtha i gcrích i gcás gach polasaí agus straitéis nua, agus ó phróisis chomhdheartha bharántúla le páirtithe leasmhara éagsúla go bhfuil an cuimsiú comhfhiosach ag tarlú. Áirítear leis an dul chun cinn creat sonraí trasnach oibríochtúil, cur i bhfeidhm an Phlean Gnímh don Dearadh Uilíoch agus Inrochtaineacht ar fud na gceithre cholún ALTITUDE, forbairt chuimsitheach na hacmhainne foirne, agus laghdú intomhaiste ar bhacainní inrochtaineachta.

Sprioc 3.

Léirítear ionadaíocht fhiúntach trí iniúchtaí éagsúlachta bliantúla a léiríonn feabhas forásach ar chomhdhéanamh na gcoistí agus oiliúint éigeantach do chathaoirligh agus do bhaill a bheith curtha i gcrích go hiomlán. Cuimsítear leis an dul chun cinn fianaise go mbíonn tionchar ag peirspictíochtaí éagsúla ar thorthaí cinntí, acmhainn fheabhsaithe líonra foirne le meicníochtaí comhairliúcháin foirmiúla, rannpháirtíocht mhéadaithe mac léinn le tionscnaimh leathnaithe faoi stiúir piaraí, agus comhpháirtíochtaí bunaithe le heagraíochtaí pobail.

Sprioc 4.

Is léir go bhfuil campas níos sábháilte agus níos cuimsithí ann mar gheall ar an Mol Dínite agus Ómóis atá ag feidhmiú go hoibríochtúil, laghdú bliain i ndiaidh bliana ar eachtraí idirdhealaithe agus ciaptha, agus níos mó muiníne ag daoine as meicníochtaí tuairiscithe. Áirítear leis an dul chun cinn tuairisciú bliantúil trédhearcach ar ghearáin, oiliúint chuimsitheach atá bunaithe ar thráma, forbairt ghníomhach ar chultúr ghníomh an tslua, mothú muintearais feabhsaithe i measc grúpaí éagsúla i sonraí suirbhé, feabhsuithe inrochtaineachta soléirithe, cuimsiú cultúrtha feabhsaithe, agus forfheidhmiú iomlán na Cairte Ómóis.

Sprioc 5.

Léirítear comhtháthú cothromais i ngníomhaíochtaí acadúla trí iniúchtaí curaclaim a léiríonn peirspictíochtaí agus córais eolais éagsúla, cleachtais mheasúnaithe chothroma, agus sonraí imdhealaithe maidir le sástacht mac léinn a léiríonn eispéiris chothroma. Áirítear leis an dul chun cinn comhlíonadh inrochtaineachta fíoraithe maidir le VLE, torthaí rathúla ar chlár Scoláireacht na hOllscoile Tearmainn, cur i bhfeidhm na Cairte Sárchaighdeáin Acmhainní Daonna sa Taighde agus phrionsabail CoARA, forbairt acmhainne taighdeoirí agus oideachasóirí ar chuimsiú comhfhiosach, agus creataí bunaithe le haghaidh úsáid eiticiúil agus fhreagrach AI le forbairt feasachta criticiúla.

8. Ailíniú le Straitéisí na hOllscoile

Tá EDI mar chroílár fhís, mhisean agus chuspóirí straitéiseacha Ollscoil na Gaillimhe. Tá gealltanas inár straitéis ollscoile go gcuirfimid ar chumas agus go dtacaímid le gach mac léinn agus comhalta foirne barr a gcumais a bhaint amach i dtimpeallacht foghlama atá mealltach, inrochtana agus cuimsitheach. Déantar é seo trí chomhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú a leabú go comhfhiosach, agus trí thiomantas agus freagracht roinnte a chothú.

Sprioc EDI	Straitéis Ollscoil na Gaillimhe 2025–2030
1. Claochlú Institiúideach a Thiomáint trí Cheannaireacht Chuntasach agus Sármhaitheas Chuimsitheach	Cuirtear taca faoi thiomantas na hOllscoile Eagraíocht Éifeachtach agus Inbhuanaithe a fhorbairt atá ina hAcmhainn don Phobal, áit a neartaítear rialachas, ceannaireacht agus feidhmíocht institiúideach sa teagasc, sa taighde agus sna hoibríochtaí. • Clár claochlaithe gnó chun ardfheidhmíocht a thiomáint. • Ceannaireacht a fhorbairt san eagraíocht trí chéile agus tacú léi.
2. 'Cuimsiú Comhfhiosach' a Leabú i Straitéis, i bPolasaí, i bPleananna agus i gCleachtas	Tá prionsabail EDI comhtháite i bpróisis pleanála straitéisí agus gnó lárnacha, rud a thacaíonn le sármhaitheas i measc thosaíochtaí na hOllscoile agus a chumasaíonn eagraíocht éifeachtach agus inbhuanaithe a thugann cumhacht dár bpobal. • Cultúr comhchruthaithe a fhorbairt, ag baint leas as léargais, eispéiris agus comhghleacaíocht an phobail chun fadhbanna a réiteach le chéile.
3. Cumhachtú a Chumasú agus tacú le Rannpháirtíocht i gCinnteoireacht agus i Rialachas	Cuirtear béim ar phleanáil chomhoibríoch agus ar chultúr rannpháirteach, rud a chuireann feabhas ar an gcaoi a léirítear éagsúlacht ár bpobail agus ár gcomhpháirtithe sna cinntí a dhéantar. Is dlúthchuid é seo in eagraíocht éifeachtach agus inbhuanaithe atá ina hacmhainn don phobal.
4. Cultúr Campais atá Cothrom a chothú ina mbraitheann gach ball de phobal na hollscoile Sábháilte, go bhfuil Luach orthu, go bhfuil Cumhacht acu, agus go bhfuil an Cumas acu a bheith Rathúil	Tacaíonn sé le príomhluachanna an Mhuintearais, an Ómóis agus na hOscailteachta, ag cur folláine, cuimsiú agus muintearas chun cinn agus rún daingean againn a bheith mar chéad rogha ag mic léinn. • Bacainní ar ardoideachas agus lena linn a bhaint, rochtain uilíoch a chumasú, tacú le mic léinn trí phríomhphointí aistrithe, agus idirghabhálacha spriocdhírithe a dhéanamh a thacaíonn le dul chun cinn na mac léinn ar fad.
5. Comhionannas, Cearta an Duine agus Ceartas Sóisialta a Chomhtháthú i dTaighde, san Oideachas agus in Eispéireas na Mac Léinn	An bhéim atá ar Thionchar Taighde Shainiúil agus Oideachas don Todhchaí a threisiú, ag cinntiú go soláthraítear sármhaitheas acadúil agus eispéiris chlaochlaitheacha mac léinn le freagracht shóisialta agus le hábharthacht dhomhanda. • An chéad ghlúin eile de thaighdeoirí den scoth a mhealladh, a fhorbairt agus tacú leo laistigh d'éiceachóras taighde inbhuanaithe. • A bheith nuálaíoch maidir le dearadh agus seachadadh an churaclaim, agus conairí a shimpliú, agus oibriú le comhpháirtithe seachtracha chun tacú le foghlaimeoirí ag gach céim dá gcuid oideachais, dá ngairm agus dá saol.

Tá EDI ríthábhachtach dár straitéisí téamacha: **Taighde agus Nuálaíocht**, **Oideachas**, **Domhanda**, **Rath na Mac Léinn**, **Inbhuanaitheacht** agus tá sé mar bhonn agus mar thaca le Plean Straitéiseach na hOllscoile. Cuirfidh gníomhartha feidhmithe faoinár spriocanna straitéiseacha feabhas ar an gcumas na tosaíochtaí straitéiseacha seo a chomhsheachadadh:

An Straitéis Taighde agus Nuálaíochta

Agus muid ag aithint gurb é pobal na hollscoile atá ina cheann feadhna dár n-uaillmhian taighde, leagann an straitéis seo amach gealltanas chun cur ar chumas ár bpobail taighde bláthú. Gealltar sa straitéis go sonrach cultúr taighde cuimsitheach agus bríomhar a neartú ina mbraitheann gach duine go bhfuil áit acu ann, agus ina bhfuil luach ar rannpháirtíocht gach duine.

An Straitéis Sármhaitheasa Oideachais

Sármhaitheas oideachais a sheachadadh a bheidh cuimsitheach, solúbtha agus freagrúil do riachtanais éagsúla na bhfoghlaimeoirí.

An Straitéis Dhomhanda

Aithnítear sa straitéis seo go bhfuil éagsúlacht agus cuimsitheacht dhomhanda an champais agus an phobail i gcroílár ár bhféiniúlachta mar Ollscoil, i gcroílár gach a gcuirimid ar fáil do mhic léinn agus don fhoireann, agus i gcroílár an luacha a chuirimid ar fáil dár gcathair agus dár réigiún. Sa chomhthéacs seo, tugann sé tús áite do thacaíochtaí den scoth a sholáthar dár mic léinn agus foireann idirnáisiúnta ag gach céim dá n-aistear mac léinn agus gairme.

Straitéis Rathúlachta na Mac Léinn

Agus an gá le mothú gur cuid de phobal inrochtana agus cuimsitheach é ina bhfuil spás do gach duine mar réamhchoinníoll le go n-éireoidh leis na mic léinn, tá an straitéis seo ag cur leis an mbonn láidir atá ag an Ollscoil seo againne maidir le ceannas a ghlacadh ar an gcuimsiú, agus tacaíocht a thabhairt d'fholláine agus do chóir chothrom ár gcuid mac léinn.

An Straitéis maidir le Rannpháirtíocht a Leathnú

Leagtar amach sa straitéis seo conas a leanfaimid orainn ag cinntiú gur léiriú iad mic léinn na hollscoile ar an éagsúlacht atá le feiceáil sa tsochaí i gcoitinne agus comhionannas deiseanna oideachais lárnach i saothrú chroíluachanna na hOllscoile. Gealltar sa straitéis seo na córais tacaíochta chuí a chur i bhfeidhm do mhic léinn ó ghrúpaí socheacnamaíocha faoi ghannionadaíocht agus ó ghrúpaí stádais mionlaigh chun go n-éireoidh leo san ardoideachas.

An Straitéis Inbhuanaitheachta

Mar Ollscoil Ambasadóra na hÉireann do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe, leanfaidh Ollscoil na Gaillimhe ag cur na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SDGanna) chun cinn agus iad a leabú inár misean, inár gcultúr agus inár gcleachtas. Tá an cur chuige seo maidir le SDGanna a leabú san oideachas soiléir sa mhéid a chuirimid leis an ábhar a mhúintear agus an chaoi a múintear é chun tuairimí agus peirspictíochtaí éagsúla a bheith san áireamh agus aitheantas a thabhairt don chaoi ar mhúnlaigh stair agus cumhacht an t-eolas atá againn. Is gníomhartha straitéiseacha iad breithnithe comhionannais agus chearta an duine a leabú i Soláthar Poiblí inbhuanaithe mar aon le habhcóideacht agus cuimsiú trí fheachtais chearta an duine agus EDI chun rannpháirtíocht fhiúntach agus ceannaireacht chumhachtaithe a sheachadadh.



Ailíniú le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe

Sprioc 1.

Claochlú Institiúideach a Thiomáint trí Cheannaireacht Chuntasach agus Sármhaitheas Chuimsitheach



Sprioc 2.

Cuimsiú Comhfhiosach a Leabú i Straitéis, i bPolasaí, i bPleananna agus i gCleachtas



Sprioc 3.

Cumhachtú a Chumasú agus tacú le Rannpháirtíocht i gCinnteoireacht agus i Rialachas



Sprioc 4.

Cultúr Campais atá Cothrom agus Saor ó Idirdhealú a chothú ina mbraitheann gach ball de phobal na hollscoile Sábháilte, go bhfuil Luach orthu, go bhfuil Cumhacht acu, agus go bhfuil an Cumas acu a bheith Rathúil



Sprioc 5.

Comhionannas agus Cearta an Duine a Chomhtháthú i Soláthar an Taighde Shainiúil, an Oideachais Eisceachtúil, agus Eispéiris Chlaochlaitheacha na Mac Léinn





9. Plean Feidhmiúcháin

Beidh na gníomhartha atá leagtha amach faoi gach sprioc mar bhunús don phlean feidhmiúcháin sa bhreis ar na pleananna gnímh faoi chláir oibre an EDI. Forbrófar plean SICRU (Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch, Uainithe) chun tacú le cur i bhfeidhm, monatóireacht agus meastóireacht na straitéise seo.

Ollscoil na Gaillimhe
University of Galway

Straitéis

Chomhionannais, Éagsúlachta agus Chuimsithe

2026–2030

Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais,
Éagsúlachta agus Cuimsithe
Ollscoil na Gaillimhe
Bóthar na hOllscoile
Gaillimh

OVPEDI@universityofgalway.ie